Gnéithe

Faisean – Priontaí

Bean Feasa an Fhaisin
Bláthnaid Ní Dhonnchadha

Tá priontaí ar cheann de mhórthreochtaí an earraigh agus an tsamhraidh in 2011. Bhí na priontaí áille seo le feiceáil ó na dearthóirí móra ar na hardáin taispeána ar dtús.

Na cinn a sheas amach domsa ná na priontaí a bhí ag leithéidí Louis Vuitton, Christian Dior, Miu Miu agus Loewe.

Tá dearadh Loewe le feiceáil sa phictiúr thíos agus is féidir áilleacht na treochta seo a fheiceáil ann go simplí.

Tá codarsnacht dheas cruthaithe leis an meascán dathanna geala leis an ngorm agus bándearg agus mar sin seasann na bláthanna amach go héasca.

Freisin tá sé suimiúil go bhfuil smideadh dorcha agus beola geala úsáidte leis an stíleáil seo ag Loewe, d'fhéadfá do chuid spreagtha a thógáil óna leithéid don séasúr seo.

Tá rogha mhór pátrún mar seo le fáil ó shiopaí na mórshráide chomh maith agus beidh níos mó ag teacht isteach agus an séasúr ag dul ar aghaidh.

Ar chlé: Una Healy ag caitheamh priontaí

D'fhéadfá a rá go ndéanfadh na pátrúin seo ballapháipéar álainn ach tá an deis agatsa iad a chaitheamh!

Cinnte tá cuid de na pátrúin seo níos éagsúla nó níos dána ná cinn eile ach is dócha gur píosa spraoi atá i gceist leo agus is deas an rud é iad a thriail.

Tá neart gúnaí le fáil sna priontaí seo ach tá bristí agus barréidí le fáil chomh maith céanna. Rinne mé iarracht rogha éagsúil go maith a phiocadh amach daoibh an tseachtain seo agus seo na cinn a sheas amach domsa.

1 Is as **LIPSY** an chéad ghúna seo sa stíl bandeau, taitníonn an prionta go mór liom agus oireann sé go mór don treocht seo. **€78.50** atá air.

2 Tagann an dara gúna seo ó **LIPSY** freisin, is aoibhinn liom an mhuinchille aonarach atá air agus tá prionta níos fíneálta i gceist b'fhéidir i gcomparáid leis an gcéad cheann ar an bpraghas céanna ar **€71.50**.

3 Chonaic mé an gúna seo i stíl na gcaogaidí in **NEW LOOK** ar **€39.99**, pictiúr den Veinéis atá sa phrionta seo agus is aoibhinn liom an gearradh atá air.

4 Tá an gúna seo ó **PENNEYS** an-chosúil leis agus prionta de radharc na mara air, an-réasúnta ar **€21**.

5 Ar deireadh tá stíl na loingseoireachta le feiceáil go mór sa cheann seo ó **PENNEYS**, cinnte is prionta éagsúil é ach mar a dúirt mé píosa spraoi atá i gceist le cuid acu seo. **€19** atá ar an rogha seo.

Mórthreochtaí: Major trends
Codarsnacht: Contrast
Smideadh: Make up
An-réasúnta: Very reasonable
Muinchille: Sleeve
Loingseoireachta: Nautical

Taisteal

Turais nua chuig tír idéalach na hIodáile

Tim Hedgley

Tá The Travel Department, atá ar cheann de na tionscnóirí turais neamhspleácha is fearr in Éirinn, tar éis cinn scríbe nua a fhógairt ó Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste. Tá oifigí acu i Londain agus i mBaile Átha Cliath. Thaisteal mé leis an gcuideachta seo cheana, a bhfuil a seirbhís agus a n-aire thar cionn agus ar thuras go dtí an Iodáil anuraidh chonaic mé go bhfuil caighdeán na n-óstán a úsáideann siad thar barr.

Cuireann an chuideachta seo cinn scríbe nua agus spleodracha ar fáil don taistealaí sofaisticiúil — agus is cinnte go bhfaighidh tú rud éigin beagáinín difriúil le hais na ngnáthshaoirí atá ar fáil ó chuideachtaí eile. Ó mhí Aibreáin ar aghaidh, beidh lucht taistil Thuaisceart Éireann in ann taisteal go díreach go Milano ó Bhéal Feirste a bhuíochas do sheirbhís phríobháideach chairtfhostaithe a chuirfidh Jet2.com ar fáil.

Stairiúil: Tá an amharclann faoin spéir is mó a bhfuil cáil uirthi ar domhan le feiceáil in Verona

Is aerlíne ardréime í Jet2 le taisteal léi. Áiríonn pacáistí nua The Travel Department Lochanna Garda agus Como go díreach ó Bhéal Feirste, agus is cinnte go mbeidh an-tóir acu siúd a mbíonn dúil acu i ngach gné den Iodáil sa chlár nua seo. Samhlaigh bheith ag ól caife ar bhruacha Loch Garda nó ag taisteal feadh an bhóthair faoi thollán, cosúil leis an scannán *Quantum of Solace*. D'fhéadfá dul ag siopadóireacht in Verona álainn nó breathnú ar Monte Baldo réimiúil.

B'fhéidir gur mhaith leat turas lae a dhéanamh, ag tabhairt cuairte ar chuid de na bailte áille, a thabharfaidh léargas iontach duit ar an gceantar máguaird ina bhfuil na radhairc dochreidte álainn.

Tá a réimse leathan saoirí chuig cinn scríbe eile san Iodáil fógartha ag The Travel Department freisin, lena n-áirítear réigiúin na Tuscáine, Chósta Sorrento, na Róimhe agus Riviera na hIodáile. Áirítear sna saoirí ar fad chun na hIodáile leathlóistín in óstáin trí agus cheithre réalta a roghnaíodh go speisialta agus réimse iomlán de thurais treoraithe faoi stiúir saineolaithe áitiúla.

- **Loch Garda, an Veinéis agus Verona**
- **7 n-oíche**
- **Ag fágáil i míonna na Bealtaine, an Mheithimh, Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2011**
- **Ó £549 in aghaidh an duine**
- **Áirítear sna saoirí turais lae iomláin ar Loch Garda, an Veinéis agus Verona le treoraithe gairmiúla, leathlóistín in óstán, eitiltí fillte ó Bhéal Feirste agus aistrithe ar bhus.**
- **www.thetraveldepartment.co.uk / .ie Guthán 028 9099 8620 nó 01 637 1600.**

Tionscnóirí: Promoters
Neamhspleách: Independent
Cairtfhostaithe: Charter
Samhlaigh: Imagine
Saineolaithe: Experts